3 1761 07550685 7

De Courcy, H.
Forsail bharrai

SB
175
D53
1921

UNIVERSITY OF TORONTO
VELUT ARBOR ÆVO

*From the Library*

*of*

PÁDRAIG Ó BROIN

*Sreath B.—Saothrú Ceárdais.—Uimhir 1a.*

ann Léiġeaċt an Phobail



# RSÁIL BHARRAÍ

H. DE CÚRSA
do scríbh

I Ó RINN do chuir i nGaedhilg

1921

# Cumann Léigheacht an Phobail

## DÁIL ÉIREANN

OIFIG AN PRÍOMH AIRE
(PRESIDENT'S DEPARTMENT).

SB
175
D53
1921
LIBRARY
JAN 12 1979
UNIVERSITY OF TORONTO

Tá súil ag Cumann Léigheacht an Phobail go ndéanfaidh a leabhráin bun-phrinsiopail chearta d'fhoillsiú agus go dtabharfaid isteach i ngach tigh in Eirinn eolas cruinn i dtaobh cúrsaí an lae inniu. Do ceapadh an cúrsa stuidéir atá beartuithe acu go haireach agus go cúramach. Molaim óm chroidhe an Cumann is a chuid oibre.

ÉAMON DE VALÉRA.

(*TRANSLATION*)

" Cumann Léigheacht an Phobail by its booklets hopes to expose correct first principles and to bring exact knowledge concerning current problems into every home in Ireland. A carefully thought out scheme of study is proposed. I recommend this Cumann and its work most cordially."

ÉAMON DE VALÉRA.

*President :*
MRS. ALICE STOPFORD GREEN.

*Vice-President :*
ERSKINE CHILDERS

*Hon. Treasurers :*
MRS. ERSKINE CHILDERS, JAMES MACNEILL Co.C.

*Committee :*

PIARAS BÉASLAÍ, T.D.
PROF. ART O CLEIRIGH, LL.D.
MAIRE NI CHOMATHUN.
REV. PROF. CORCORAN, S.J., Litt.D.
REV. T. A. FINLAY, S.J.
MRS. CEANNT.
SEAN MILROY, T.D.
PROF. T. F. O RAITHILE.

*An Runaidhe.*

# FÓRSÁIL BHARRAÍ

## REUMHRÁDH

An té a scríbh an leictiúir seo tá ana-thaithí aige ar obair thalmhan agus do thástáil sé a chuid tuairimí ar an dtalamh le cúnamh daoine eile. Aithníon sé nách féidir aon phlean oibre do bheadh oiriúnach don fheirmeoir i gcaitheamh a shaoil go léir do cheapa toisc inbhinseanacha nua, meudú eolais, an suas is anuas a bhainean le comórtas na margaí iasachta, atharuithe in Eirinn agus ar fuaid an domhain a bhainean le págh lucht oibre, le gach meadhon chun teangmhála idir dhaoine agus le hoiriúint mharguíochta. Is eol dó ná beadh aon dream feirmeóirí eolgaiseacha, i bhfiu aon pharóiste amháin, ar aon aigne ar fad leis an té do cheapfadh scéim feirmeoireachta dhóibh, ach tá a chuid tuairimí, maraon leis na résúin atá aige leo, leagtha amach san aiste seo aige le hionchas go dtainnfid siad le furmhór na bhfeirmeoirí, agus, an chuid acu ná beidh ar aon intinn leis, go gcuirfid siad tré chéile ina n-aigne féin, mar shásamh dóibh féin, gach a ndeurfidís i gcoinnibh na nithe mholan sé. Ní riail dian do leagaint amach do gach feirmeoir fé leith atá uaidh, ach cuntas a thúirt ar na nithe is mó a mheáfidh in aigne an fheirmeora chiallmhair agus é ag ceapa plean oibre i gcóir tamall de bhlianta. Tá curtha síos aige na slithe saothruithe ar a gcuimhneoch a bhfurmhór taréis machtnaimh ar na nithe sin.

---

An té cheapfadh plean chun rath is seun do chur ar Eirinn níor mhór dó an-aire thúirt don fheirmeoireacht, mar isí an fheirmeoireacht príomh-thaca na tíre seo, agus ní fheudfí gnó ar bith eile chur ina hionad mar phríomh-shlí bheatha agus is uirri a mhairean mórán mór dár ndaoine.

Beidh mórán saghseana ceárdais againn nuair a bheidh Eire ar a bonnaibh arís agus a bheidh caoi cheart ag daoine chun luighe isteach ar ghnóthí céirde. Má bhíon an fheirmeoireacht go maith againn is buaine bheidh na ceárdaisí ná dá mbeidís ag brath ar abhar iasachta a thiocfadh thar sáile. Na gnóthí na bhfachtar an t-abhar dóibh cois baile—ón mbuin agus ón gcaora, cuir i gcás, na gnóthí a bhainean le hearraí olna is lín, leathar, cáiṡe is im, do dheunamh, is dóichíde go mór dá lithéidí sin preumhú go daingean, agus bheith buan is rathmhar, ná do ghnóthí atá ag brath ar stuif iasachta, cuir i gcás measíní nó leasú a dheunamh.

Ach sarar féidir túirt fé cheárdaisí go mbeadh a seasamh ar an bhfeirmeoireacht ní mór gnó taithneamhach socharach a dheunamh den fheirmeoireacht féin. Táimíd ar barra tuinne na rathmhaireachta fé láthir agus is féidir mórán airgid a dheunamh as an bhfeirmeoireacht, ach nuair fheuchaimíd siar ar na droch-bhlianta, nuair ná raibh sa bhfeirmeoireacht ach saothar mór gan puinn dá bhárr, tuigimíd gur baol don fheirmeoireacht tuitim chun deiridh arís. Níl ach aon tslí amháin chun a lithéid a sheachaint, sé sin, feabhas a chur ar na slithe oibre atá againn. Ní mór machtnamh go doimhin ar an sceul feuchaint conus san do dheunamh, agus is deimhin go bhfuil saothrú ceart fórsála ar shlí desna slithe nua a caithfar a chur i bhfeidhm, agus tá súil ag scríbhneoir an leictiúra so solus éigin do leigint ar an sceul tríd an eolas a fuair sé féin le taithí do chur síos.

Sé rud saothrú fórsála ná, mar aduairt Swift, dhá bhrobh fhéir nó dhá dhéis arúir do chur ag fás san áit ná fásadh ann ar dtúis ach an t-aon cheann amháin. Ba chóir don fheirmeoir a chur roimis a shlithe oibre do chur i bhfeabhas i dtreo go dtúrfidh an talamh uaidh oiread 'sis féidir dó a thúirt uaidh, ach ní mór dó cuimhneamh i gcomhnuí go gcosnan barraí móra an-iomad ar gach slí uaireanta. Sompla: dá mbeadh an fheirm suitte go nea-chaothúil neamh-acarach, nó dá mbeadh an talamh gan bheith oiriúnach don churadóireacht fhórsála, nó dá mbeadh an iomad báistí ar fad ann, nó dáma ná beadh fir oilte ar an obair le fáil chun an talamh do shaothrú sa cheart, nó dáma

léir go mbefí ad iarraig an fheirmeora do chur chun deiridh arís fé mar a bhí sé tráth agus sclábhuithe cearta dheunamh de féin is dá líntighe, ba chóir, insna cásaibh sin, saothrú fórsála do sheachaint, mar níorbh fhiu é an duadh agus an trioblóid a bheadh ag baint leis.

Ach cuir i gcás go dtúrfí cothrom na Féinne don fheirmeoir, ansan ba chóir do gach únaeir tailimh, pé beag mór é, na bhfuil an fheirmeoireacht mar shlí mhaireachtana aige, ba chóir dó ní hamháin an t-árd-nós curadóireachta do chleachta ach ana-chuid stuic do choimeád chó maith. Feiceam anois conus a dheunfadh sé an méid sin.

Pleanana maithe ciallmhara do leaga amach, siné an cheud ní is ceart dúinn a dheunamh más maith linn go n-éireoch linn i ngnó ar bith, agus is mó is gá san sa bhfeirmeoireacht ná in aon ghnó eile mar ní féidir don fheirmeoir a shlí oibre d'atharú in aon tseachtain amháin ná in aon mhí amháin ná in aon bhliain amháin. An cúrsa a cheapfa sé dhó féin ní foláir dó claoi leis. Dá bhrí sin ní foláir dúinn ár bplean do cheapa go ciallmhar taréis dian-mhachtnaimh, agus ó thárla go bhfuil an saol ana-chorrach fé láthir ba chóir dúinn gan é dheunamh chó daingean seasmhach is do béidir dúinn é dheunamh, gan cúntúirt, in aimsir na síochána.

Tá dhá shaghas feirmeacha ann, na feirmeacha atá oiriúnach don árdnós saothruithe agus na feirmeacha ná fuil; agus, rud is mó tábhacht ná san, tá dhá shaghas feirmeoirí ann, an saghas na bhfuil gach cóir is caoi acu chun an t-árdnós san do chleachta agus an saghas ná fuil san acu. Airímíd ar an tarna dream na daoine na bhfuil taithí óna n-óige acu ar nea-chruinneas gnótha is oibre, agus ná tuigean measíní ná conus iad d'úsáid le tairfe dhóibh féin, agus nách féidir dóibh ar aon tsaghas cuma lucht oibre do sholáthar a bheadh oilte ar gach a mbainean le measíní, ná fiu amháin ar na slithe is simplí chun talamh do shaothrú agus barraí do shábháil. Níor chóir dá lithéidí sin túirt fén saothrú fórsála godí go múinfí dhóibh é, ach an cheud shaghas feirmeoirí atá ráitte agam níor mhiste dhóibh dul ar aghaidh leis ach feuchaint ar dtúis cadé an cúrsa barraí ab oiriúnaí dá gcuid tailimh.

Le fíor-dheunaí do chuir roinnt feirmeoirí ó Chontae

Bhaile-Ath-Cliath in úil do Bhórd na Feirmeoireachta gur chosain sé £65 an t-acra suédaisí is maingléis do thógaint sa bhliain 1919. Má bhainean na figiúirí sin le frumhór talmhan na hEireann isé brí atá leo ná nár chóir meacain (nó rútaí) do shaothrú chun stoc do bheathú. Tá a lán ag brath ar an gcuma na mbeadh an sceul ag an bhfeirmeoir ach, dar leis an scríbhneoir, níor chóir d'éinne a lithéidí do shaothrú ach (1) an feirmeoir fheudfidh iad do dhíol ar airgead maith, (2) an feirmeoir go bhfuil feirm bheag aige nó feirm atá cuíbhsach beag agus go bhfuil a líntighe ullamh ar obair a dheunamh ar an bhfeirm ar feadh an lae go léir, (3) an feirmeoir nách foláir dó meacain (rútaí) a bheith aige i gcóir saghas áirithe stuic. Bfearr go mór do gach éinne eile gan baint leo in aon chor agus a chúrsa barraí do bhrise agus d'atharú do réir a cháis féin agus do réir a dheacar-achtaí fhéin. Ba chóir don fheirmeoir stuideur a dheunamh ar chúrsaí barraí agus a mheádh go maith ina aigne cadiad na barraí is fiu dhó shaothrú agus an churadóireacht ná díolfidh é do sheachaint. Rud nách gá, agus droch-fheirmeoireacht, isea aon rud a shaothrú ná díolfidh as féin. Is cuma san nó a rá gur fearr gan claoi ró-dhlúth leis na seana-chúrsaí barraí, agus, má tharaingimíd chugainn comhacht mheiceanuiceach agus measíní nua-cheapuithe, nách foláir dúinn an churadóireacht d'atharú dá réir. Más dó linn, cuir i gcás, gur barraí gurb ea feur glas, feur tirm, eorna is coirce, a thúrfidh luach ár saothir isteach chugainn, agus gur deabharthach go mbeidh profid maith le deunamh, ar feadh chúig nó sé bhliana, as ba is caoire is muca do reamhrú, ba chóir dúinn beart a dheunamh dá réir agus gan baint le barraí ná le stoc na mbeadh i bhfad níos mó trioblóide ag baint leo. Cúrsa ana-shábháltha isea an cúrsa barraí seo ar a gcuirfad síos, mar ní fhágfadh sé aon bhlúire tailimh réidh díomhaoin ar feadh aon fhaid mhór aimsire agus san am gceudna do luighdóch sé an méid a caillfí de bhárr gan lucht oibre bheith le fáil go reigealálta nó de bhárr meudú costais iompair nó stop iompair nó de bhárr comórtais iasachta nó aon deacarachtaí eile a thiocfadh do phreib agus gan coinne leo. Dáma bán a bheadh againn dfeudfimís treabhadh tráth ar bith idir Shamhain is Feabhra, agus coirce do chur an cheud bhliain le feur seagail

Iodáileach is clóbhar dearg. Baintear an coirce i mí Mheadhon Fhomhair agus fágtar na barraí corra (*catch crops*) ansan ag fás, agus is féidir bethíg do chur ag inníor orra nó iad do choimeád chun féir thirm. Más caoire a cuirfar ar an dtalamh ní miste é threabha tuairim deire na Bealltaine agus é chur fé ráib i mí an Mheithimh. Cuirfar ba nó caoire nó muca ar feurach air i ngeimhreadh na hath-bhliana. Eorna nó coirce—do réir nádúir na talmhan—a cuirfar an tríú bliain, agus ní miste meascán de shíol féir is de shíol clóbhair do chur ina theannta, chun móinéir is feurachta ar feadh cúpla bliain nó trí. Is féidir an cúrsa do thosnú arís ansan le barra coirce. Dheunfadh an cúrsa san an tslí churadóireachta atá againn d'atharú ar fad agus ní leigfadh sé don talamh bheith díomhaoin ar feadh roinnt míona.

Ach seo roinnt ceisteana: (1) Conus a dhinean an cúrsa san an churadóireacht níos sábhálta don fheirmeoir? (2) O ná saothruítar meacain (rútaí) cathin is ceart aoileach eallaig do chur ar an dtalamh? (3) Cad mar gheall ar mheacain (rútaí) is prátaí? Do luamair cheana cuid desna nithe tré n-a gcaillfadh an feirmeoir mórán béidir, agus faid a bheidh an Stát á chur fhiachaint air cúig deug fén gceud dá fheirm do shaothrú be sé i gcomhachtaibh nithe ná fuil smacht aige orra mara ndeine sé rud éigin chun é féin do chosaint—meascán de shíol féir do chur i dteannta an arúir i gcomhnuí cuir i gcás, agus gan barraí costasúla mar phrátaí is meacain (rútaí) do bhac. Do thespeánamair cheana nách ceart mórán tailimh do chur fé mheacain (rútaí) mara bhfuil airgead le deunamh air, agus, cé gur biadh an prátа ná deunfar dá eumais in Eirinn choíche, maran féidir airgead do dheunamh air ní ceart ach roinnt bheag tailimh do chur fé, agus gan puinn sa mbreis a bheith ann le cur chun siúil. Níl aon deimhne fachta againn ar phradhas mhaith dfáil ar phrátaí feasta.

An cúrsa atá á mhola anso leigean sé dhúinn aoileach eallaig do chur ar an dtalamh aon uair, ach is dócha gurb é am is fearr agus is usa chuige ná an cúigiú nó an sémhú bliain den chúrsa nuair a bhe sé ina mhóineur nó fé bhethíg. Tá a lán ag brath ar nádúir na talmhan. Más talamh saibhir é cheana féin agus go leattar aoileach stábla air sara

ndeintar é threabhadh i gcóir coirce, béidir go mbeidh an barra arúir leagtha ar ball, agus sa chás san ní miste an t-aoileach do leatha roimis an ráib do chur nó taréis an cheud bharra féir do bhaint. Tá an cúrsa so chó scaoilte sin, ámh, ná fuil aon chúis ná leathfí roinnt bheag aoileach eallaig is leasú ón siopa ar an dtalamh cúpla uair nó trí i rith na sé mblian agus is fearr an tora a bheidh air sin ná dá gcuirtí an t-aoileach go léir insna drilleana chun na meacan (rútaí) do chur ag fás.

Is dócha gurb é seo an cúrsa is sábhálta don fheirmeoir mhór agus is mó dheunfidh airgead dó, an feirmeoir gur beag duine bhíon ag obair aige ach lucht aimsire, mar tugan sé caoi dhó ar oiread úsáide 'sis féidir a dheunamh de mheasíní. Má tá 60 acra fé shaothrú aige, seo mar a bheidh na barraí :—

| | |
|---|---|
| Coirce .... .... .... | 10 n-acraí. |
| Ráib .... .... .... | 10 n-acraí. |
| Eorna .... .... .... | 10 n-acraí. |
| An cheud bharra féir .... | 10 n-acraí. |
| An tarna barra féir .... .... | 10 n-acraí. |
| An tríú barra féir, nó feuracht | 10 n-acraí. |

Rud mór le rá isea go mbeidh an trí fichid acra aige ar feadh tuairim leath gach bliana i gcóir ba óga is caoire agus níl aon rud is fearr do stoc den tsaghas san ná talamh nua mar sin do bheith fútha féin acu.

Toisc a ghliocas atá an cúrsa so ceapuithe, dá mbeadh straidhc nó aon rud mar sin ann dfeudfí an talamh go léir geall leis dfágaint gan treabhadh, agus san gan aon chaill-liúint, mar do bheadh feur ins gachaon bhall chun móinéir nó chun feurachta, agus do réir na rialacha a bhainean le dlí na curadóireachta ba leor leath-cheud acra as an dtrí fichid a bheith mar sin. An feirmeoir a bheadh in ainm bheith ag saothrú leath-cheud acra agus ag cólíonadh na rialacha níor ghá dhó níos mó ná deich n-acraí do threabhadh aon bhliain a bheadh sé fé thrioblóid den tsórt aduart. B'é sin an talamh ráibe a bheadh le treabhadh i gcóir an arúir agus níor ghá fiu an méid sin do threabhadh dá gcuirtí roinnt féir sheagail Iodáileach i dteannta na ráibe. Tá

costas ag baint leis sin, mar tá na síolta féir daor, ach is maith is fiu iad an t-airgead, agus níl aon tslí eile ag an bhfeirmeoir chun é féin a chosaint ar chailliúint mhór san aimsir bhuartha so. Béidir go ndeurfar go bhfuilimíd ag mola an iomad aireachais don fheirmeoir agus nách in í an tslí chun saothrú fórsála chur ar aghaidh, ach ba chóir cuimhneamh nách mór neart airgid a chur sa talamh chun go mbeadh an rath ar an saothrú fórsála, agus bfearr dosna feirmeoirí bheith sásta le deimhin a dheunamh den bheagán ná bheith ad iarraidh barraí móra ná beadh chó deimhnithach ar fad. Is maith an chiall don té a shaothruíon an talamh gan aon mhuinghin a bheith aige a hurrús pápéir pe aca ó rialtas nó ó dhream eile a gheo sé é; agus chun a ghnótha dheunamh sábháltha le linn a chuid airgid a chur ina fheirm taraingean sé chuige cúrsa éigin barraí, a fheudfa sé atharú do phreib chun é chur in oiriúint d'aon atharú a thiocfidh ar an saol. Ba chóir go dtainnfadh an taobh san den sceul leis na feirmeoirí láidire go mór-mór. Isiad na feirmeoirí beaga, ámh, is líonmhaire in Eirinn, na feirmeoirí gur beag cabhair a bhíon acu ach cabhair a líntighe féin, agus ní miste dhóibh sin claoi le saothrú fórsála oiread 'sis maith leo, mar ní gá dhóibh bheith ag brath ar stróinseuruithe.

An fear ná fuil puinn tailimh aige agus atá tugtha don obair dhian agus go bhfuil líntighe aige mar é féin, ní baol go dtréigfe sé an talamh agus rith leis chun na gcathracha agus na dtíortha iasachta. Ba chóir dó a chuid tailimh do shaothrú chó "fórsálach" 'sis féidir dó agus oiread 'sis féidir a bhaint as an dtalamh agus breith ar an airgead mór atá le fáil anois ar nách mór gach ní a fhásan. Ach cuimhníoch sé i gcomhnuí nách foláir dó an talamh do choimeád torthúil agus é dheunamh nísa thorthúla más féidir é. Dá ndeineadh sé a mhalairt ba chuma é nó "an gé a bheirean na huíbhe óir do mharbhú." Níl aon teora leis an méid a fheudfa sé a dheunamh le saothrú fórsála, ach ní mór dó plean maith do cheapa roim ré i dtreó, dá mhéid a bhainfe sé as an dtalamh, go gcuirfe sé feabhas air agus é dheunamh nísa thorthúla chun go bhfeudfa sé féin agus a chúram maireachtaint go maith air i gcomhnuí.

Tá sé chó maith is chó tairfeach de rud anois don

domhan is a bhí sé le linn an chogaidh mhóir oiread 'sis féidir de thalamh réidh gach feirme bige do chur fén gceucht, mar tá gach saghas bídh gannachúiseach fós, ach mar sin féin is eol don deigh-fheirmeoir maith nách foláir eallach stuic do choimeád ar an bhfeirm chun aoilig a dheunamh agus an talamh do choimeád torthúil. Tá's aige nách mór dó togha an aireachais a thúirt agus an stoc a bheith díreach do réir méid na curadóireachta aige i dtreo ná raghaidh torthúlacht agus cumas an tailimh i luighead air. Bíon " húmus," sé sin, sórt fáis, á chaitheamh amach as gach saghas tailimh i gcomhnuí, go mór-mór a' talamh saothruithe agus a' talamh claon-árd, agus is mór an ní aoileach eallaig a bheith ag duine le cur ina ionad. Ní hiontaoibh leasú ón siopa feasta chun na torthúlachta choimeád sa talamh, mar tá sé ró-dhaor anois chun é úsáid chó flúirseach is a dheinimís, agus dáma ná beadh sé chó daor, féin, is anamh is féidir an saghas áirithe theastuíon i gcóir barraí áirithe dfáil díreach nuair is géire ár ngá leo, agus, rud eile, ní bhíon " basic slag," agus gach leasú go mbíon fasfat ann, in aon ghaor do bheith chó maith is bhídís roimis an mbliain 1915. O thárla na nithe sin mar sin isé rud is fearr dfear na feirme bige a dheunamh ná gan ach na barraí is aoirde pradhas do shaothrú i gcóir an mhargaidh, cuir i gcás eorna, líon, prátaí, is feur seagail, agus barraí nea-phrofidiúla do sheachaint, agus oiread stuic do bheith aige is a fheudfa sé a chothú as an dtalamh. Tá gach saghas mine agus cácaí do bhethíg chó daor san fé láthir gurb ar éigin is féidir iad do cheannach, ach má cheapan an feirmeoir beag a phleanana roim ré chun bídh dfáil as a chuid tailimh féin dá chuid stuic is euchtach an méid bethíoch is féidir dó a chothú ar a fheirm, más feirm mhaith í.

Ba chóir machtnamh a dheunamh roim ré feuchaint cadiad na saghseana stuic is fearr a choimeád. Níor mhiste beagán de gach saghas comónta a bheith ag an bhfeirmeoir beag—ba, caoire, is muca, agus, ina dteannta san, capall nó dhó. Ní haon mhaith é sin gan bó bhainne, mar ní féidir bainbh is laoigh do thógaint sa cheart gan bainne. An té go mbeadh ó dheich n-acraí godí leath-cheud acra aige is beag bethíoch ba cheart dó a cheannach. Ba chóra dhó iad do thógaint, rud is uiriste dá lithéid a dheunamh má

tá sé féin is a líntighe go maith chun oibre agus suim mhór acu ina gcuid stuic. Más talamh réidh atá aige isé rud is mó ba chóir dó a chur roimis ná aoileach a bheith aige, agus beidh neart de aige má choimeádan sé cúpla ceann nó trí de bhuaibh bainne agus a laoigh sin do chothú is do thógaint godí go mbeid siad maith a ndóthin chun iad do dhíol leis an mbúistéir nó mar bhuaibh tórmaig, agus iad do choimeád ag fás agus ag dul i raímhre i gcomhnuí. Is maith an sás aoileach a dheunamh an mhuc, agus is maith is fiu í a cothú más ar thora tailimh na feirme a cothuítar í agus má tugtar di i dtúis a hóige cuid den bhainne a bhíon spártha. Tá trí shlí chun muc a thógaint in Eirinn. An cheud shlí: roinnt bheag cránach muice bheith agut agus a n-áltracha do dhíol nuair a bheid idir naoi seachtaine is trí seachtaine deug, agus gan ach ceann nó dhó do choinneáil chun iad do reamhrú is do mharbhú i gcóir an tighe. An tarna slí: gan ach cráin nó dhó bheith agut agus na bainbh uatha do chothú i gcóir an bhúistéir. An tríú slí: oiread banbh do cheannach 'sis féidir a reamhrú i dteannta chéile, ó dhá cheann godí sé cinn gach tráth, agus san do bheith ar siúl ar feadh na bliana.

Sé rud is mó atá le deunamh ag an gcaora ar an bhfeirm bheag ná fuílach meacan (rútaí) is féir d'ithe, agus go mór-mór aoileach do leatha agus feabhas do chur ar pháirceana atá i bhfad ón ngeárd (clós), nó atá roinnt as an slí béidir. Ní ciallmhar do ghnáth mórán capall a bheith ar an bhfeirm bheag, mar ithid a lán agus piocaid siad an feur is mísle, rud fhágan gach saghas eile stuic gan a ndóthin. Ach ní mór dfear na feirme curadóireachta roinnt díobh a bheith aige, agus má bhíon an saghas ceart aige níl aon chúis ná deunfidís airgead dó chó maith le hobair. Tá dhá phlean ann nách miste a mhola don fheirmeoir bheag: dhá láir a bheadh go maith ar an bhfeirm agus ar bóthar do choimeád chun síolraig agus na bromaig is na siorraig uatha do dhíol i gcionn bliain go leith—siné an cheud phlean. Aon láir amháin a bheith agut chun síolraig an tarna plean, agus a sliocht do bheith briste chun oibre agut i gcionn bliain go leith, i dtreo, dá mbeadh aon rath ort, go mbeadh bromach nó siorrach briste tréineálta agut le díol gach geimhreadh.

Sé cúis na bhfuil oiread aire á thúirt don stoc sa

phápéar so ná gur léir, mara ndeintar an stoc do thobha agus do riara sa cheart ná beidh dóthin na feirme d'aoileach le fáil. Gan mórán aoilig ní féidir an saothrú fórsála do chleachta. Ní bheadh ag teastáil, i dteannta an stuic aduaradh, ach eunlaithe, agus ba chóir iad san do choimeád i gcróna so-aistrithe amuich insna páirceana. Ní miste dhúinn anois feuchaint conus plean d'oibriu amach le saothrú fórsála chun barraí fháil a thúrfidh neart bídh don fheirmeoir agus fuílach le díol.

Tá dhá shaghas barraí ann, an saghas a luighduíon torthúlacht agus saibhreas agus cumas na talmhan agus an saghas a shaibhríon an talamh agus a chuirean neart ann arís agus a chuirean lena thorthúlacht. Barraí mar líon, arúr, meacain (rútaí), prátaí, is feur, an cheud shaghas. Plandaí legúmeacha—clóbhar, pis, agus piseánach (*vetches*) do bhethíg—an tarna saghas. Ní mór na barraí a robálan an talamh do shaothrú i dtreo go mbeadh bia is eudach oiriúnach ag daoine, agus ní bheadh aon chúmpórd sa domhan gan arán is prátaí is líneudach. Ach nuair a saothruítar na barraí seo go flúirseach ní mór an talamh do choinneáil torthúil le mórán aoilig, nó leis an dtroma-chuid den tsochar do thúirt len' ithe dosna bethíg ar an bhfeirm, nó le cuid desna plandaí legúmeacha do chur i dteannta na mbarraí eile chun na torthúlachta a bhainfidh na barraí sin as an dtalamh do dheunamh suas. Clóbhar fiain bán an planda is fearr orra go léir, ach tá an síol ana-dhaor anois —deich fichead an punt in áit scilling an punt, an méid a bhí air níos lú ná deich mbliana ó shin. Tá clóbharacha eile le fáil atá go hana-mhaith chun tailimh do shaibhriú, agus ba cheart iad do chur i ngach measca síl nuair a bheadh talamh á chur fé fheur ar feadh tamaill nó go deo. Chun na críche ceudna ní miste pis nó piseánach do mheasca ar arúr, ach níl aon teora lena dhaoire atáid siad fé láthir. Níl aon chúis, ámh, ná saothróch gach feirmeoir roinnt desna síolta so chun a úsáide féin agus costas do sheachaint.

Ní miste an cúrsa so leanas do mhola go mór don fheirmeoir beag nó meánach ná fuil ag brath ar stróin-seuruithe chun obair a dheunamh dó agus nách baol dó mar sin gan a bheith ar a chumas an rud a chuir sé do bhaint—rud is ró-bhaol i gcomhnuí don fheirmeoir láidir.

Cuir i gcás gur bán ar fad atá sa bhfeirm bheag, seo mar a leagfidh an feirmeoir cúrsa amach dó féin:

An cheud bhliain: Ráib is feur seagail, a cuirfar sa Mheitheamh.

An tarna bliain: Prátaí is maingléis, a cuirfar san Abrán agus sa Bhealltaine.

An tríú bliain: Cruithneacht do chur i mí Dheire Fomhair taréis na mbarraí deirineacha chur as an slí, nó eorna nó coirce do chur i mí an Abráin san ath-bhliain.

An ceathrú bliain: Seagal, piseánach, feur seagail, is clóbhar dearg do chur i dteannta chéile i mí Mheán Fhomhair nó i mí Dheire Fomhair díreach taréis an arúir do ghlana as an slí.

An cúigiú bliain: Bethíg do leogaint isteach ar an meascán a cuireadh sa bhfomhar roime sin nó é bhaint agus é thúirt mar bheatha ghlas dóibh agus beidh barra dfeur seagail Iodáileach le feur tirm a dheunamh de ina dhiaidh sin.

Níl aon chúis ná hatharófí an cúrsa san chun é dheunamh oiriúnach don fheirm seo nó don fheirm úd, ach le linn aon atharú a dheunamh air ba cheart cuimhneamh ar na puíntí seo: (1) gur fearrde a bheidh na barraí iad do theacht i ndiaidh a chéile ar shlí áirithe, (2) gur fearr barra chun glana do chur roime bharra arúir, (3) gur cheart barra éigin a bheith ar an dtalamh i gcaitheamh na bliana go léir, (4) nách mór an saghas san barra a chur a fheudfar a bhaint luath go leor chun an tailimh do shaothrú i gcóir an bharra atá le teacht ina dhiaidh. Ag leagaint an chúrsa so amach dúinn, ní dheinimíd aon dabht ná gurb eol don fheirmeoir féin cad é an t-am is fearr chun gach barra do chur is do bhaint, ó 'sé is mó eolas ar a chuid tailimh féin.

Má scrúduítar an cúrsa san chífar, dá leantí é, ná beadh an talamh díomhaoin ar fad ar feadh aon mhí iomláin amháin i rith na gcúig mblian ach amháin nuair a leanfadh eorna is coirce prátaí is maingléis, agus sa chás san féin ní bheadh an talamh díomhaoin dáma choirce geimhridh nó cruithneacht a tobhfí chun teacht i ndiaidh na meacan (rútaí) is na bprátaí. Sé buntáiste is mó bhainean leis an dtalamh a choimeád fé bharra éigin i gcomhnuí ná go gcoimeádan sé an chuid is fearr agus is saibhre den ithir

uachtarach gan glana síos san ithir íochtarach, agus go mbíon an talamh i gcomhnuí ag túirt beag-mhór éigin sochair don fheirmeoir, marab ionan is talamh díomhaoin ná fachtar aon rud as, agus fós, na páirceana go mbíon aon tsórt luibheana ag fás ionta, fiu amháin sa gheimhreadh, go dtaithnid siad le bethíg, go mór-mór caoire, i dtreo gur mór an chabhair é chun an aoilig do roinnt go cothrom.

O thárla gur mór a bhrí an talamh do leasú sa cheart feuchfaimíd feasta cadé an tslí is fearr chun na mbarraí sa chúrsa so do leasú. Cuimhnímís i gcomhnuí, ámh, gur beag uain a bheidh ag an bhfeirmeoir idir gach dhá bharra cuid desna blianta. Ráib is feur seagail an cheud bharra, agus ní mór neart aoileach eallaig do leatha air, rud is uiriste dheunamh, mar, ó 'sé an cheud bharra é, beidh uain go leor ag an bhfeirmeoir ar an aoileach eallaig a cuireadh le chéile sa gheimhreadh do leatha ar an mbán sara dtreabhtar é i gcóir na ráibe agus an fhéir sheagail a cuirfar i mí an Mheithimh. Más féidir é ba chóir idir threabhadh an bháin is leatha an aoilig a bheith críochnuithe roime dheire an Abráin. Fágfidh san uain ag an bhfód ar lobhadh sara gcuirtar an ráib i ndeire an Mheithimh. Ba chóir an ithir uachtarach do dheunamh ana-mhín leis an mbráca agus leasú ón siopa do chur uirri i dtreo go bhfásfidh an barra go tapaidh i dtosach. Má bhíon an aimsir tirm ní miste an rothlóir trom do chur ag obair ar an ithir, leis. Nuair a bheidh an barra meascuithe sin na ráibe agus an fhéir sheagail ullamh i mí Dheire Fomhair agus i mí na Samhna ba chóir é chur fésna bethíg, agus be sé ullamh arís i gcóir na mbethíoch sa Mhárta ina dhiaidh sin. Más ar thalamh throma-leasuithe atá sé ag fás agus go leogtar do bhuaibh is do chaoiribh is do mhucaibh bheith ghá ithe ar an gcuma san, gan é bhaint, beidh an talamh ana-shaibhir ar fad san ath-bhliain, agus be sé go maith chun prátaí is maingléise gan a thuille aoileach eallaig a chur air—gan a chur air ach leasú ón siopa. Ná ní theastóidh aon aoileach ó bharra arúir na tríú bliana, leis, ach má bhíon aoileach eallaig le fáil bfearr roinnt bheag de, pé sceul é, do chur ar an gcoínleach taréis an arúir a thógaint as an slí agus díreach sara ndeintar treabhadh i gcóir an mheascáin a cuirfar ina dhiaidh sin. Ar an gcuma san leasófar an talamh fé dhó i rith na gcúig mblian agus ba chóir gur leor san.

Focal anois i dtaobh conus na síolta do thobhadh. Níl aon rud chó daor leo fé láthir, agus ní mór do dhuine bheith an-aireach agus é ghá dtobhadh amach. Cuímhnítar ar na rialacha beaga so agus ní raghfar amú: is fearr iad a cheannach díreach ón gceannuidhe mór síl ná ó lucht siopaí na comhursanachta ná fuil i ndíol na síol dóibh ach cuid bheag dá ngnó generálta—is mó is iontaoibh an spesialtóir gur díol is ceannach síl is mó atá ar siúl aige ná an fear a dhíolan gachaon tsórt ní. Is féidir do dhuine mórán airgid a shábháil leis na síolta bheith ag fás aige féin ina chóir féin, bíodh is go bhfuil roinnt ann a bfearr dhó a cheannach, agus, nuair is gá atharú do dheunamh, ná staonadh sé ó airgead a chailliúint le síolta go mbeidh iontaoibh aige asta. Nuair a bheidh meascáin síol féir aige á dheunamh suas bfearra dhó costas nea-ghátarach do sheachaint, rud a fheudfa sé a dheunamh má sheachnan sé na síolta móra nó má luighduíon sé an méid a bheidh aige dhíobh insna meascáin agus gan a chur isteach ach na síolta is líonmhaire in aghaidh an phúint díobh. Ba shaoire go mór, cuir i gcás, síol féir "Timothy" ar scilling is naoi bpingine an punt go bhfuil milleon, dhá cheud, naoi-ndeich a trí de mhíltibh síol ann (1,293,000) ná síol "Meadow Foxtail" ná fuil ann ach trí cheud naoi-ndeich a dó de mhíltibh síol sa phunt a díoltar ar cheithre scillinge is réal.

## AGUISÍN

Pé saghas feirmeoireachta a bheadh ar siúl ag duine ba mhaith an ní dhó cuntaisí cruinne do choimeád, mar, mara gcoimeáda sé cuntaisí, ní fheudfa sé a dheunamh amach ce aca tá aon rath ar a ghnó nó ná fuil, ná fós cadiad na brainsí dá ghnó is mó atá ag túirt an airgid isteach chuige agus cadiad na brainsí is mó atá chun deiridh, agus cadiad na brainsí, béidir, go bhfuil sé ag cailliúint dá mbárr. Gan amhrus, is deacair cuntaisí den tsórt do choimeád, go mór mór ar an bhfeirm ar a bhfuil mórán brainsí ar siúl, mar ní mór lucht oibre d'aistriú ó obair go hobair, agus an t-aoileach a deintar faid a bhíon na ba dá gcoimeád agus dá mbeathú ar stábla, nó na laoghna á dtógaint, nó reach-

taireacht (*dairying*) ar siúl, nó muca dá reamhrú, is ar bharraí eorna is lín agus ar bharraí eile ná beathuíon bethíg, a leattar an t-aoileach san, agus ansan arís do bheadh an costas a bhainfadh le saothrú barra áirithe ana-mhór nó ana-bheag ar fad do réir mar a bheadh an aimsir go holc nó go maith. Insna cuntaisí feirmeoireachta ní mór géille beagán ó gach taobh, agus ní leor cuntaisí aon bhliana amháin chun a thespeáint conus tá an sceul ag an bhfeirm. Ach má cuirtar le chéile na cuntaisí a bhainean le cúpla bliain nó trí as a chéile agus na costaisí ar aon taobh amháin is an profid thall ina gcoinnibh agus gach taobh do roinnt ar a dó nó a trí chífar ansan cá mhéid sa bhliain den dá bhliain nó trí a chosain an obair agus cá mhéid an profid. Leogan na cuntaisí solus ar phuíntí doiléire dorcha, leis. Cuirean sé iongna ar fheirmeoirí reachtaireachta (nó déiríochta) an méid eolais a fhaghan siad as na cuntaisí a choimeádan siad ar an mbainne. Chuir sé iongna is alltacht ar chuid acu nuair a fuaradar go raibh ba áirithe acu a mheasadar a bheith ag deunamh go maith leis na blianta fada agus i gcaitheamh na haimsire go léir gurbh amhlaidh ba mhó a bhíodar caillte ná beirthe leo. Tá a lán bó in Eirinn gan aon amhrus agus dá dheabhrathaighe a fheucaid siad, chun na fírinne dheunamh ní fiu iad a gcothú. Dá gcoimeádtí cuntaisí is mó rud den tsórt san a nochtfidís dfeirmeoirí na hEireann. Ach lasmuich desna nithe sin tá cúis eile le cuntaisí choimeád. Ar ball beidh an feirmeoir nísa dhea-thúrtha suas ná a athir is a shean-athir roimis, agus nuair a bheidh polasaí an Stáit, chó fada is bheidh baint aige le feirmeoireacht, nuair a bhe sé á phlé agus á shocrú, beidh ar an bhfeirmeoir baint a bheith aige leis an socrú chó maith leis an bplé a deunfar ar an sceul. Ba chóir ansan go bhfeudfadh sé a rá láithreach agus a chruthú le résúnaibh maithe cadé an saghas dlí a dheunfadh maitheas don fheirmeoireacht agus cadé an saghas a chuirfadh chun deiridh í, agus, sa chás san, is fearr agus is fírinnighe go mór figiúirí beachta ná buillí fé thuairim agus fánuíocht chainte.

Má bhíon a chuntaisí go beacht ag an bhfeirmeoir ní fheudfidh lucht oibre ná lucht caipitail ná an phoblíocht choitianta aon bhúntáiste bhreith air, agus má cuirtar ina

leith gur profitéir é beidh ar a chumas, le cúnamh figiúirí, a thespeáint ná fuil sé chó holc 'sis dó le daoine.

Mar bhuille scuir, ba mhaith leis an scríbhneoir cúpla focal a rá i dtaobh ní atá lasmuich de scóip an leictiúra so, béidir, ach a bhainean go dlúth, mar sin féin, le saothrú fórsála. Is léir um an dtaca so gur leigheas ar mhórán olc sa tír seo an rud ar a dtugtar comhar-fheirmeoireacht nó comharíocht sa bhfeirmeoireacht nó comh-oibriu. Is léir gur neart is comhacht don lag é agus slí mhaith chun costas na feirmeoireachta agus an méid caipitail is gá sa bhfeirmeoireacht do luighdú agus chun sochar na talmhan do chur i méid. In oileán mar an oileán so againne, mar a bhfuil deich gcinn is cheithre fichid fén gceud desna feirmeacha ina bhfeirmeacha beaga ba chóir go dtuigfí tairfe na comhairíochta ar fheabhas. Cad a dheinean an chomhairíocht don fheirmeoir bheag ? Sidé an freagra : Sa cheud dul síos tugan sé caoi dhó ar mhórán nithe fháil dó féin ná feudfadh sé a fháil choíche dáma air féin amháin a bheadh a sheasamh. An tig uachtair chun im is cáise a dheunamh is a phacáil is a chur chun siúil go glan agus go slachtmhar tá oiread teidil ag fear na dtrí mbó chuige is atá ag fear an dachad bó, agus níl aon bhúntáiste ag éinne den bheirt ar a chéile. Le comh-oibriu a cuirtar suas an tig uachtair. An trachtóir (*tractor*), an srang-cheangaltóir (*string-binder*), an riarthóir aoilig (*manure distributor*), an measín buana (nó buainte), an fearas spréála i gcóir na bprátaí, an measín gaile chun buailte, an carra mór petróil, nuair a chuirean lag is láidir le chéile chun iad do sholáthar agus d'úsáid i gceanntar ar bith is le muintir an cheanntair iad. Níl a bhac ar fheirmeoirí cur le chéile chun muilean arúir a bheith acu, nó muilean bagúin nó stór fuar nó tig búistéireachta nó fiu amháin tig chun leasú a dheunamh. Níl acu ach cur le chéile go tuisgeanach chun na nithe sin a bheith ar có-sheilbh acu agus chun iad d'úsáid agus tairfe bhaint asta. Sa tarna dul síos, le có-oibriu is féidir an feirmeoir agus na sclábhuithe, a lucht conganta, do chosaint ar phradhsana árda ar na nithe is gá dhóibh a cheannach. Mar, má chuirid le chéile chuige níl a bhac orra stóir chomhairíochta bheith acu chun tora a saothir a chur timpal agus chun gach earra is riachtanas a theastuíon ón bhfeirmeoir do cheannach dó

ar an bpingín is lú. Dfeudfadh muintir pharóiste nó cheanntair cur le chéile chun a lithéidí do chur ar bun dóibh féin agus iad d'oibriu i dteannta chéile. Agus dá gcuiridís chuige níorbh obair gan solus dóibh é, mar tá sé deunta le fada ina lán áiteana. Sa tríú háit, le có-oibriu mar sin is féidir dosna feirmeoirí cur lena gcuid eolais, rud a bheidh i bhfad nísa riachtanaighe dhóibh as so amach ná mar a bhí sé go dí so ag saothrú na talmhan dóibh. Táid náisiúin ghá socrú féin chun oibre cheana féin agus ní fada go mbeid siad ar a ndícheall ag dul i gcomórtas lena chéile ar fuaid an domhain. Is cuma san nó a rá go mbeidh orainn bheith ábalta ar gach saghas oibre do dheunamh chó beacht chó cruinn chó slachtmhar is atá ar chumas an duine é dheunamh maran maith linn go mbrúthfí as an slí sinn. An saghas scoluíochta a tugtar dúinn insna scoileana coitianta is beag a dhinean sí lasmuich de bheagán scríbhneoireachta is léthóireachta is áirimh a mhúine dhúinn. Le có-oibriu dfeudfimís árd-scoileana chur ar siúl a mhúinfadh roinnt sa mbreis air sin dúinn agus a thúrfadh eolas éigin dúinn ar conus ár ngnó do chur chun cinn. Gach tír atá ag dul ar aghaidh sa tsaol, tá árd-scoileana mar sin inti chun na slithe oibre is fearr agus is beachte do mhúine do mhac agus d'inghin an fheirmeora. Canathaobh ná beidís againne ?

LIBRARY
JAN 12 1979
UNIVERSITY OF TORONTO

# LIST OF LECTURES FOR 1921-1922

**Series A.—ECONOMICS.**

| No. | | |
|---|---|---|
| 1. | National Finance | E. Childers. |
| 2. | The Foreign Drain in the Form of Taxation, etc. | E. Stopford. |
| 3. | **Banking and Economic Development** | L. Smith-Gordon. |
| 4. | How the State May Directly Assist Industrial Development | |
| 5. | Irish Industries | A. S. Green. |

**Series B.—INDUSTRIAL DEVELOPMENT.**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | **Intensive Culture of Crops** | H. de Courcy. |
| 1a. | **Forsail Bharrai** | H. de Courcy. (Liam O Rinn do chuir i nGaedhilg). |
| 2. | **Afforestation** | Professor A. Henry. |
| 3. | Utilisation of Raw Material | Alec. Wilson. |
| 4. | Utilisation of Peat | Professor Hugh Ryan. |
| 5. | Utilisation of Water | |
| 6. | Fisheries | |
| 7. | Shipping | Liam de Roiste, T.D. |
| 8. | Inland Transit | Rev. E. Coyne, S.J. |
| 9. | Co-Operation | Rev. M. O'Flanagan. |

**Series C.—SOCIAL PROBLEMS.**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Local Administration | James MacNeill. |
| 2. | Public Education | Professor Magennis. |
| 3. | Public Education. Physical. | |
| 4. | **Character and Citizenship** | Rev. W. P. Hackett, S.J. |
| 5. | **Labour** | Rev. J. Kelleher, D.D. |
| 6. | **Hygiene** | R. O hAodha, T.D. |
| 6a. | **Cosaint na Slainte** | R. O hAodha, T.D. (Liam O Rinn do chuir i nGaedhilg.) |

**Series D.—HISTORY.**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Gaelic Period | Professor MacNeill, T.D. |
| 2. | Norman Invasion | |
| 3. | Tudor Period | |
| 4. | **The Irish and the Armada** | A. S. Green. |

**Series D.—HISTORY** (*continued*).

| | | |
|---|---|---|
| 5. | **Irish National Tradition (Part I)** | A. S. Green. |
| 6. | **Irish National Tradition (Part II)** | A. S. Green. |
| 7. | Legal Oppression | J. W. Good. |
| 8. | Colonial Nationality | K. O'Sheil. |
| 9. | Nineteenth Century Effects of Union | P. S. O'Hegarty. |

**Series E.—BIOGRAPHY.**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Columcille | A. S. Green. |
| 2. | Brian Boru | " Sceilig," T.D. |
| 3. | Art Mac Morrogh | |
| 4. | Hugh O'Neill | |
| 5. | Owen Ruadh | |
| 6. | Henry Grattan | P. S. O'Hegarty. |
| 7. | Ulster United Irishmen | F. J. Biggar. |
| 8. | O'Connell and Young Ireland | P. S. O'Hegarty. |
| 9. | **Michael Davitt** | J. W. Good. |

**Series F.—ART.**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Early Christian Art | E. C. Armstrong. |
| 2. | Irish Music | Carl Hardebeck. |
| 3. | Literature in Irish | Piaras Beaslai, T.D. |
| 4. | Anglo-Irish Literature | Susan Mitchell. |
| 5. | Drama | Susan Mitchell. |
| 6. | Irish Architecture | C. MacNeill. |
| 7. | Irish Decorative Art | Sir J. R. O'Connell. |
| 8. | Modern Aspects of Irish Art | J. B. Yeats. |
| 9. | Elements of Archaeology | Rev. C. Scantlebury |

The Lectures printed in heavy type are now on sale. Each will look after its own members. The general public can get through the Booksellers.

The Price of each Pamphlet (except the first four, *i.e.*, " Hyg " Intensive Culture of Crops," " Michael Davitt," " Labour," are 3d. each) will be 2d.

All communications should be addressed to

An Runaidhe,

Cumann Leigheacht an Phobail,

Mansion House,

Dubli

Printed by Maunsel and Roberts, Ltd., Dublin.

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY

BioMed